# FOIRM 790AA

## Tuairisceán faoi Alt 790AA den ACC, 1997 (Cáin Ioncaim asbhainte ó chnapshuim bharrachais de réir Alt 790AA(3)(a)(i) nó (3)(b)(i)(I) den ACC, 1997)

**Seoladh Fillte**

**Rannóg an Ard-Bhailitheora**
**Teach an tSáirséalaigh**
**Sráid Phroinséis**
**Luimneach**
**V94 R972**

**Bain úsáid as clúdach litir ar bith agus scríobh "Saorphost" os cionn an tseolta**

**Féach ar na Nótaí agus samplaí lastall sula ndéanann tú an fhoirm a chomhlánú**

**COMHLÁNAIGH IN BLOCLITREACHA**

## CUID A

**Ainm an Duine Aonair:**

**UPSP:**

**Seoladh:**
(Eircode san áireamh)

## CUID B

(1) An cineál socraithe pinsin, mar shampla scéim Sochair Shainithe nó Scéim Ranníocaíochtaí Sainithe pinsin ceirde (más scéim Sochair Shainithe í, sonraigh cibé scéim earnála príobháidí nó poiblí atá ann), CCSP, Conradh Blianachta Scoir, PEPP, srl.:

(2) Ainm na scéime:

(3) Ainm agus seoladh an riarthóir nó an soláthraí PEPP: (Eircode san áireamh)

(4) Uimhir an bhaill, uimhir thagartha na scéime nó uimhir TIN:

## CUID C

(1) Suim na Cnapshuime: __,___,___.00

(2) Dáta íocaíochta: (LL/MM/BBBB) __/__/____

(3) Suim na cnapshuime barrachais (ceangail an ríomh): __,___,___.00

(4) Suim na cnapshuime barrachais lena mbaineann an tuairisceán seo (féach Nótaí): __,___,___.00

(5) Cáin dhlite ar an tsuim ag (4): __,___,___.00

**Ní mór an cháin atá dlite ag (5) a íoc trí ROS / mochúrsaí féach Nótaí**

**NÍ MÓR DUIT AN DEARBHÚ SEO A SHÍNIÚ**

Dearbhaím ar feadh m'eolais agus mo thuairime go bhfuil na sonraí uile atá tugtha ar an bhfoirm seo sonraithe i gceart.

Síniú

Dáta (LL/MM/BBBB) __/__/____

Cáil an tSínitheora

Fón

# TABHAIR DO D'AIRE

Faoi Alt 790AA den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (ACC, 1997) foráiltear do cháin a ghearradh ar chnapshuimeanna scoir a íocadh os cionn suim saor ó cháin faoi shocruithe pinsin éagsúla.

**Ón 1 Eanáir 2011 ar aghaidh, is é €200,000 an teorainn uasta saoil saor ó cháin ar chnapshuimeanna scoir. Sa chás go n-íoctar cnapshuim (nó cnapshuimeanna) ar an 1 Eanáir 2011 nó dá éis le duine a théann ar scor, mar shampla, ar an dáta sin nó dá éis is é an tsuim atá níos mó ná an teorainn saor ó cháin seo (an "chnapshuim barrachais") atá faoi dhliteanas cánach in dhá chéim.**

- Tá an chéad chuid den chnapshuim bharrachais, is é sin an sciar idir €200,000 agus suim atá comhionann le 25% den tairseach ciste chaighdeánach (TCC) nuair a íoctar an chnapshuim* (scoithphointe an TCC) inmhuirir i leith cánach faoi Chás IV de Sceideal D de réir Alt 790AA(3)(a)(i) nó (3)(b)(i)(I) den ACC, 1997 ag an ráta caighdeánach cánach ioncaim atá i bhfeidhm nuair a íoctar an chnapshuim scoir, is é sin 20% faoi láthair. Ós rud é go bhfuil an sciar seo "imfhálaithe", ní fhéadtar aon fhaoisimh, liúntais ná asbhaintí a shocrú ná a dhéanamh ina aghaidh agus an tsuim chánach atá le hasbhaint á ríomh.[1]
  - Ní mór an sciar sin den chnapshuim scoir atá faoi réir cánach faoi Chás IV a chur san áireamh ar an bhfoirm seo. (Is é seo an tsuim ar chóir a chur isteach i gCuid C (4) den Fhoirm.)
  - Tabhair faoi deara, áfach, nár chóir é a chur san áireamh ar thuairisceáin tíolactha párolla.
- Meastar go bhfuil an dara sciar, más ann di, den bharrachas chnapshuim (is é sin an sciar thar scoithphointe an TCC) mar bhrabús nó gnóthachain a eascraíonn as oifig nó fostaíocht agus atá faoi réir cánach faoin bhonn measúnaithe Sceideal E ag ráta imeallach an duine aonair.
  - "Ní mór an sciar sin den chnapshuim scoir a ngearrtar cáin air faoi Sceideal E a chur san áireamh ar thuairisceáin phárolla an riarthóra pinsin ach níor chóir iad a chur san áireamh ar an bhFoirm 2 seo. Chomh maith leis sin, áireofar an sciar seo leis an tsuim a chuirtear isteach ag Cuid C (3) den fhoirm seo, is é sin suim na cnapshuime lúide an teorainn saoil €200,000 saor ó cháin".

**Tábhachtach** – ba chóir a thabhairt faoi deara i gcás go bhfuil cnapshuim nó cnapshuimeanna scoir déanta ag duine ar 7 Nollaig 2005 nó dá éis agus roimh 1 Eanáir 2011, ní mór iad a chur san áireamh agus an tsuim saor ó cháin a ríomh atá cuí do chnapshuim scoir íoctha ar 1 Eanáir 2011 nó dá éis.
Áirítear leis seo freisin, cnapshuimeanna ó shocruithe pinsin eachtraigh áirithe a íoctar an 1 Eanáir 2023 nó dá éis. Mar shampla, sa chás go bhfuil cnapshuimeanna scoir de €200,000 nó níos mó tógtha ag duine ó 7 Nollaig 2005 beidh cnapshuim ar bith eile a íoctar leis an duine ar 1 Eanáir 2011 nó dá éis faoi réir cánach. Nuair atá ríomh á dhéanamh ar shuim na cnapshuime íoctha ar an 1 Eanáir 2011 nó dá éis atá le bheith faoi réir Chás IV ag an ráta caighdeánach nó faoi Sceideal E ag an ráta imeallach, áireofar na cnapshuimeanna roimhe seo chomh maith. (Féach Samplaí 5–8 Iastall.)

Tabhair do d'aire gur teorainn saoil é an tsuim saor ó cháin €200,000 agus go mbaineann sé le cnapshuim aonair nó sa chás go bhfuil duine ag fáil cnapshuimeanna ó bhreis agus táirge pinsin amháin, go mbaineann sé le comhiomlán na gcnapshuimeanna sin.

Ní mór do riarthóir "socrú pinsin cuí" a asbhaineann cáin ó chnapshuim bharrachais de réir Alt 790AA(3)(a)(i) nó (3)(b)(i)(I) den, ACC 1997 an fhaisnéis a iarrtar ar an bhfoirm seo a thabhairt don Ard-Bhailitheoir taobh istigh de thrí mhí ó dheireadh na míosa ina n-íoctar an chnapshuim as a n-eascraíonn an chnapshuim bharrachais.

Foráiltear le hAlt 200A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (ACC 1997) rialacha maidir le déileáil le cnapshuimeanna ó shocruithe áirithe pinsin eachtraigh a íoctar ar an 1 Eanáir 2023, nó dá éis. Áirítear na cnapshuimeanna sin go léir a íoctar le duine aonair chónaitheach ar an 1 Eanáir 2023 nó dá éis chun a chinneadh cé mhéad den chnapshuim reatha a íoctar atá le muirearú faoi Chás IV ag an ráta caighdeánach nó faoi Sceideal E ag an ráta imeallach.

*Is é €2m ón 1 Eanáir 2014 é an TCC agus €2.3m a bhí ann ón 7 Nollaig 2010 go dtí an 31 Nollaig 2013. Mar sin, is iad na scoithphointí TCC faoi seach ná €500,000 agus €575,000 (is é sin 25% den TCC cuí).

---

1 Mar sin féin, faoi Alt 787RA, féadtar, i gcúinsí áirithe, cáin a asbhaineadh ar an sciar seo de chnapshuim bharrachais a fhritháireamh in aghaidh na cánach barrachais inmhuirir atá dlite de réir Alt 787R (féach Foirm 787S (Cáin Ioncaim atá dlite ar bharrachas inmhuirir) le haghaidh tuilleadh eolais).

2 Ní fhéadtar cáin i leith an sciartha de chnapshuim barrachais atá faoi réir cánach faoi Sceideal E a fritháireamh in aghaidh cáin barrachais inmhuirir.

**MODH ÍOCAÍOCHTA**

Ní mór an cháin ag Cuid C (5) den Fhoirm a íoc trí ROS / mo**chúrsaí** :

- Ag baint úsáid as d'uimhir chustaiméara, téigh chuig an leathanach 'Mo Sheirbhísí' ar leathanach baile ROS agus cliceáil ar "Íocaíocht a Dhéanamh"
- Cliceáil ar "Íocaíocht / Dearbhú Cánach" agus roghnaigh "Cáin ar Phinsean"
- Cliceáil ar "Barrachas Inmhuirir"
- Cliceáil ar "Déan Íocaíocht" agus cuir isteach na sonraí cuí
- Roghnaigh do mhodh íocaíochta

Féadfaidh sé gurb éard atá i gceist le híocaíocht ná cáin a asbhaineadh i ndáil le roinnt daoine aonair agus / nó féadfaidh sé go bhfolódh sé níos mó ná cineál amháin cánach pinsin. Ar choinníoll go gcuirtear na sonraí isteach i gceart le linn an phróisis íocaíochta ar líne, ní gá sonraí a sholáthar faoi na suimeanna a íocadh leis an Rannóg Cásanna Móra – Daoine Aonair Ardrachmais, Brainse na bPinsean nó le Oifig an Ard-Bhailitheora.

Ós rud é go bhféadfadh íocaíochtaí a bheith faoi réir seiceáil fíorúcháin nó iniúchta, ba chóir duit na doiciméid tacaíochta agus admhálacha íocaíochta ar fad a choinneáil ar feadh tréimhse sé bliana ó dheireadh na bliana cánach ina ndéantar íocaíocht.

Ba chóir íocaíocht a dhéanamh faoi d'uimhir chustaiméara seachas an uimhir a d'fhéadfadh a bheith eisithe chun cánacha pinsin a íoc. Ós rud é go bhfuil na cánacha seo imfhálaithe, ní bheidh aon idirghníomhú le haon dliteanais chánach nó íocaíochtaí cánach eile a thagann faoi uimhir an chustaiméara.

Ba chóir teagmháil a dhéanamh le Rannóg na gCásanna Móra agus na nDaoine Aonair Ardrachmais, Seirbhísí Airgeadais (Brainse na bPinsean), má dhéantar íocaíocht trí earráid nó sa chás go bhfuil cáin ar chnapshuimeanna scoir le fritháireamh in aghaidh cáin barrachais inmhuirir. Ní mór cáin ar chnapshuimeanna scoir a fhritháirítear in aghaidh cáin barrachais inmhuirir a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim taobh istigh de thrí mhí ó dheireadh na míosa ina n-íoctar an chnapshuim.

Tá tuilleadh sonraí ar an áis íocaíochta ar líne le fáil ar **www.revenue.ie**

**FIOSRUITHE**

Ba chóir aon fhiosruithe i leith an dliteanais cánach ar an mbarrachas inmhuirir lena mbaineann an tuairisceán seo a thíolacadh chuig Brainse na bPinsean, Cásanna Móra - Rannóg na nDaoine Aonair Ard-Rachmais trí M'Fhiosruithe nó lcdretirebens@revenue.ie.

Ba chóir aon fhiosruithe i ndáil le híocaíocht a chur chuig Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim,
Rannóg an Ard-Bhailitheora
Cuntasaíocht Íocaíochta
Teach an tSáirséalaigh
Sráid Phroinséis
Luimneach
V94 R972
Éirinn

Ríomhphost: cgrospaymentsgroup@revenue.ie

Fón: +353 1 738 3663

**Léiríonn na samplaí seo a leanas an chaoi a n-oibríonn cáin ar chnapshuimeanna scoir sa chleachtas.**

**Sampla 1**

Chuaigh Aodán ar scor ar an 10 Eanáir 2022 agus íocadh cnapshuim scoir de €180,000 leis. Is é seo an chéad chnapshuim a fuair Aodán. Tá cnapshuim scoir Aodán díolmhaithe ó cháin mar gheall go bhfuil sé níos lú ná an teorainn saor ó cháin de €200,000. Tá €180,000 den teorainn saoil saor ó cháin "ídithe" ag Aodán áfach.

**Sampla 2**

Íocadh cnapshuim scoir bhreise de €150,000 le hAodán ar an 30 Meitheamh 2022. Mar gheall go mbaineann an teorainn shaor ó cháin €200,000 le comhiomlán na gcnapshuimeanna scoir uile a fuarthas ar an 7 Nollaig 2005 nó dá éis, ní mór d'**Aodán** an dá chnapshuim a chomhiomlánú chun an sciar den dara cnapshuim atá faoi réir cánach a ríomh. Is é €330,000 (€180,000 + €150,000) comhiomlán na gcnapshuimeanna a fuarthas ón 7 Nollaig 2005, a sháraíonn an teorainn saoil faoi €130,000. Mar sin, tá an "chnapshuim bharrachais" de €130,000 faoi réir cánach faoi Chás IV ag an ráta caighdeánach i leith 2022, is é sin 20%.

Ós rud é go dtiteann cuid de dhliteanas Aodán idir €200,000 agus €500,000, ní mór Foirm 790AA a chomhlánú chun cuntas a thabhairt ar an gcnapshuim barrachais €130,000. Ba chóir é seo a chur faoi bhráid Oifig an Ard-Bhailitheora laistigh de thrí mhí ó dheireadh na míosa ina n-íoctar an chnapshuim le hAodán. Níor chóir an gné seo den íocaíocht a chur tríd an gcóras ÍMAT - níl sé san áireamh sa tíolacadh párolla.

**Sampla 3**

Íocadh cnapshuim scoir bhreise de €450,000 le hAodán ar an 31 Lúnasa 2022.

Mar atá le feiceáil i Sampla 2, tá teorainn saoil saor ó cháin de €200,000 "ídithe" in iomlán ag Aodán agus tá €130,000 den tsuim a ghearrtar cáin ag an ráta caighdeánach "ídithe" ag Aodán freisin, is é sin €300,000 (sin an difríocht idir 25% den TCC do 2022 - €500,000 agus an teorainn saor ó cháin de €200,000). Tá an chnapshuim íoctha ar an 31 Lúnasa 2022 faoi réir cánach mar seo a leanas:

- €170,000 faoi Chás IV @ 20%, is é sin an ráta caighdeánach i bhfeidhm in 2022 (€300,000 – €130,000 = €170,000), agus
- faoi Sceideal E tá ráta cánach imeallach in 2022 i bhfeidhm ar an €280,000 atá fanta. Tá MSU iníoctha chomh maith.

Ní mór an €170,000 faoi Chás IV a chur san áireamh ar Fhoirm 790AA, mar atá luaite sa sampla thuas. Ós rud é go bhfuil an t-iarmhéid €280,000 inmhuirir i leith cánach faoi Sceideal E, níor chóir go mbeadh an tsuim le feiceáil ar Fhoirm 790AA, ach rachadh sé tríd an gcóras ÍMAT mar is gnáth.

**Sampla 4**

Chuaigh Sam ar scor ar an 31 Eanáir 2022 agus íocadh cnapshuim scoir de €850,000 leis. Is é seo an chéad chnapshuim a fuair Sam. Tá Sam faoi réir cánach mar seo a leanas:

- tá an chéad €200,000 díolmhaithe,
- tá an chéad €300,000 eile faoi réir cánach faoi Chás IV ag 20%, is é sin an ráta caighdeánach atá i bhfeidhm in 2022, agus
- tá an t-iarmhéid, is é sin, €350,000, faoi réir cánach faoi Sceideal E ag an ráta canach imeallach de 40% agus tá MSU iníoctha chomh maith.

Má fhaigheann Sam aon chnapshuim scoir bhreise, beidh Sam faoi réir cánach faoi sceideal E ag an ráta cáin imeallach atá i bhfeidhm sa bhliain a íoctar Sam agus tá MSU iníoctha chomh maith.

**Sampla 5**

Chuaigh Taylor ar scor ar an 10 Eanáir 2022 agus íocadh cnapshuim scoir de €120,000 le Taylor. Fuair

Taylor cnapshuim de €150,000 roimhe seo ar an 30 Meitheamh 2020. Cé nach raibh an chnapshuim roimhe faoi réir cánach, "úsáidíodh" €150,000 den teorainn saor ó cháin €200,000. Ciallaíonn sé seo gurbh é €50,000 an t-iarmhéid "neamhúsáidte" den teorainn saor ó cháin (€200,000 – €150,000) agus déantar an tsuim seo a fhritháireamh in aghaidh na cnapshuime a íoctar ar an 10 Eanáir 2022. Dá bhrí sin, tá €70,000 den cnapshuim bhreise faoi réir cánach faoi Chás IV ag an ráta caighdeánach i bhfeidhm in 2022. Níl éifeacht ar bith ar an gcnapshuim roimhe seo.

**Sampla 6**

Chuaigh Elliot ar scor ar an 10 Eanáir 2022 agus íocadh cnapshuim scoir de €100,000 le hElliot. Fuair Elliot cnapshuim €300,000 roimhe seo ar an 30 Meitheamh 2019 (€100,000 de a bhí faoi réir cánach faoi Chás IV). Mar gheall go sáraíonn cnapshuim roimhe seo Elliot an teorainn saor ó cháin cheana féin, tá gach cuid den cnapshuim faoi réir cánach. Tá an chnapshuim €100,000 tógtha ar an 10 Eanáir faoi réir cánach faoi Chás IV ag an ráta caighdeánach i bhfeidhm in 2022.

**Sampla 7**

Chuaigh Jamie ar scor ar an 01 Iúil 2022 agus íocadh cnapshuim scoir de €400,000 le Jamie. Fuair Jamie cnapshuim scoir €450,000 roimhe seo ar an 1 Eanáir 2019. "D'ídigh" an chnapshuim roimhe seo an teorainn saor ó cháin €200,000, agus €250,000 den €300,000 atá incháinithe faoi Chás IV ag an ráta caighdeánach. Dá bhrí sin:

- tá €50,000 den chnapshuim roimhe seo faoi réir cánach faoi Chás IV ag an ráta caighdeánach i bhfeidhm in 2022, agus
- tá an €350,000 fanta ón gcnapshuim bhreise faoi réir cánach faoi Sceideal E ag an ráta cánach imeallach a bhí ag Jamie in 2022.

**Sampla 8**

Chuaigh Gene ar scor ar an 12 Aibreán 2022 agus íocadh cnapshuim scoir de €180,000 le Gene. Fuair Gene cnapshuim scoir €520,000 roimhe seo ar an 30 Meitheamh 2019. Tá Gene faoi réir cánach mar seo a leanas:

- d'ídigh an chnapshuim roimhe seo teorainn saoil saor ó cháin €200,000 Gene agus tá an t-iarmhéid, is é sin €320,000 (atá níos lú ná an difríocht idir 25% den TCC a bhí i bhfeidhm in 2019 agus an teorainn saor ó cháin), faoi réir cánach faoi Chás IV ag an ráta caighdeánach a bhí i bhfeidhm in 2019, agus
- tá an chnapshuim bhreise go hiomlán incháinithe faoi Sceideal E ag ráta imeallach Gene mar gheall go sáraíonn an chnapshuim roimhe seo €500,000 (is é sin 25% den TCC a bhí i bhfeidhm in 2022).

**Sampla 9**

Chuaigh Fran, duine atá cónaitheach agus sainchónaithe in Éirinn, ar scor an 1 Samhain 2022 agus íoctar cnapshuim scoir €180,000 le Fran ó scéim cheadaithe pinsin ceirde Éireannach ar an dáta sin. I mí an Mhárta 2023, íocadh cnapshuim pinsin €50,000 le Fran ó scéim pinsin ceirde de chuid na Ríochta Aontaithe lenar rannchuidíodh agus Fran i mbun gairme sa Ríocht Aontaithe. Ní mór do Fran cnapshuim na Ríochta Aontaithe a chur san áireamh agus an méid saor ó cháin atá oiriúnach don chnapshuim Éireannach á ríomh, chomh maith le méid na cnapshuime Éireannaí atá inmhuirir ó thaobh cánach ag an ráta caighdeánach. Is é €230,000 (€180,000 + €50,000) comhiomlán na gcnapshuimeanna a fuarthas, a sháraíonn an teorainn saoil faoi €130,000. Mar sin, tá an chnapshuim bharrachais de €30,000 faoi réir cánach faoi Chás IV ag an ráta caighdeánach, is é sin 20%.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.

**Séanadh Dlíthiúil**

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.



Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs